Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Cód Cleachtais Reiligí 2023

Cód Cleachtais Reiligí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2022 is teideal don Chód Cleachtais seo agus tiocfaidh sé i ngníomh an 01/06/2023. Is féidir an leagan is nuashonraithe a fheiceáil ar an gcuid Reiligí de láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Cód Cleachtais Reiligí

1. ADHLACADH

1.1 Tar éis báis, féadfaidh Adhlacóir thar ceann an teaghlaigh nó an neasghaol iarratas a dhéanamh ar adhlacadh in aon cheann de na reiligí ainmnithe atá faoi chúram na Comhairle. Ní mór an t-iarratas ar adhlacadh a dhéanamh tríd an bhfoirm ar líne ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe atá ar fáil ag an nasc seo a leanas: Foirm Iarratais ar Adhlacadh

1.2 Má tá uaigh nua nó láthair uaighe do shíothal ag teastáil, is féidir ceann a cheannach tráth an iarratais ar adhlacadh.

1.3 Má tá an té a bhásaigh le cur in uaigh nó i láthair uaighe síothail atá faoi úinéireacht an teaghlaigh cheana féin, ansin ní mór cruthúnas úinéireachta agus cead don adhlacadh a sholáthar i scríbhinn do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

1.4 Tá cead chun ball teaghlaigh atá básaithe a adhlacadh in uaigh nua nó i láthair uaighe síothail atá ann cheana faoi réir glacadh le Cód Cleachtais Reiligí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

1.5 Ní cheadóidh Airíoch na Reilige adhlacadh **i gcás ar bith** go dtí go bhfíoróidh Foireann Riaracháin Reiligí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil na sonraí go léir ceart agus go dtí go seolfar ríomhphost chuig Airíoch na Reilige le cead dul ar aghaidh.

1.6 Ní osclófar na huaigheanna go léir ach amháin tar éis d'Airíoch na Reilige an láthair uaighe teaghlaigh a shainaithint agus a shuíomh i gceart. Ní dhéanfaidh ach oibrithe Reilige nó conraitheoirí ceadaithe uaigheanna a oscailt agus a dhúnadh. **Ní dhéanfaidh úinéirí uaigheanna uaigh a oscailt ná a dhúnadh ná an chónra a ísliú i gcás ar bith. Is ar a bpriacal féin a dhéanann aon duine a chuireann isteach ar an bpróiseas seo**.

1.7 Is féidir na Costais a bhaineann le láthair uaighe a cheannach nó a oscailt/athoscailt a fháil trí thagairt a dhéanamh don bhileog Táillí Reilige. (Aguisín 2)

1.8 Is láithreacha uaighe singile amháin (1.2m/4tr) agus doimhneacht dhúbailte iad na láithreacha uaighe traidisiúnta/fóirchloiche nua go léir atá á ndíol i Limistéar W de Reilig Rathúin.

1.9 Is láithreacha uaighe singile amháin (1.2m/4ft) agus doimhneacht shingil nó dúbailte iad na láithreacha faiche go léir atá á ndíol i síneadh nua na reilige faiche, Limistéar Y agus Z ag Reilig Rathúin. Féach léarscáileanna marcáilte ag aguisín 5 chun suíomhanna gach rogha a chinneadh.

1.10 Féadfaidh an Chomhairle limistéir speisialta nó déanmhais a rinneadh

go speisialta laistigh den Reilig a ainmniú chun taisí créamtha a adhlacadh.

2. AN MODH ADHLACTHA

2.1 Ní cheadófar aon adhlacadh sa Reilig mura bhfuil an corp i gcónra/cisteog adhmaid/miotail/giolcach etc. nó in ábhar eile atá sách láidir mar a aontófar leis an gComhairle. Is é an t-uasmhéid a cheadaítear ná 2.185m ar fhad x 0.81m ar leithead (7'2"ar fhad x 32" ar leithead).

2.2 Beidh taisí créamtha (luaithreach) i bpróca caighdeánach nach mó ná 0.25m x 0.25m x 0.25m, déanta as ábhar oiriúnach agus beidh sé láidir go leor, mar a aontófar leis an gComhairle agus adhlacfar iad i spás uaigh ar mhéid caighdeánach nó i Láthair Uaighe Próca ainmnithe de réir mar is cuí.

2.3 Beidh an oscailt talún d'adhlacadh taisí créamtha 0.30 méadar ar a laghad ar leithead faoi 0.30 méadar ar fhad agus beidh doimhneacht íosta 0.60 méadar laistigh den spás ainmnithe.

2.4 Ní cheadófar i gcás ar bith taisí créamtha a scaipeadh ar thailte na reilige.

2.5 Déantar áirithintí le haghaidh adhlactha an lá dár gcionn faoi 12pm an lá roimhe sin. Is faoi 12pm Dé Sathairn roimh ré a dhéantar áirithintí le haghaidh adhlactha Dé Luain.

2.6 Is iad seo a leanas amanna adhlactha an dá reilig ach tá siad faoi réir athrú. Ní mór comhaontú a dhéanamh roimh ré le hAiríoch na Reilige.

11.30am (teacht chun na reilige) agus 1.30pm (teacht chun na reilige)

3. LIMISTÉIR THRAIDISIÚNTA/FÓIRCHLOICHE

3.1 Is féidir féachaint ar limistéir thraidisiúnta/fóirchloiche i Reilig Rathúin agus i Reilig an Bhóthair Mhóir agus tagairt a dhéanamh dóibh sna léarscáileanna marcáilte. Féach aguisín 5.

3.2 Féadfaidh láithreacha uaighe traidisiúnta/fóirchloiche glacadh le hadhlacadh cónraí, cisteoga agus prócaí.

3.3 Ceadaítear clocha cinn a chur in airde ar an bhíoma coincréite a chuirtear ar fáil. Tá srian ar mhéid agus ar airde de réir an chead leaca uaighe/cloiche cinn (Aguisín 4). Ceadaítear fóirchloch freisin ach caithfidh sé a bheith laistigh de lorg mhéid na láithreach uaighe.

3.4 Ní cheadaítear oibreacha séadchomhartha nó cloiche cinn a dhéanamh ach amháin ag conraitheoir ceadaithe roimh ré. Féach Aguisín 3 maidir le conas iarratas a dhéanamh ar cheadú.

3.5 **Ní cheadaítear** na míreanna nó na gníomhartha seo a leanas laistigh de na spásanna uaighe:

- Carnadh ithreach/ábhair go dtí airde os cionn airde na fóirchloiche.
- Plandáil crainn nó plandaí móra de chineál toir ar féidir leo, le himeacht ama, fás go dtí airde níos mó ná 600mm (2 troigh).
- Clocha cinn a thógáil os cionn na dteorainneacha socraithe. Tá srianta airde cloiche cinn i bhfeidhm sa dá reilig. 1.3m airde uasta le haghaidh láthair uaigh shingil agus 1.4m airde uasta le haghaidh láthair uaighe dhúbailte.
- Dealbha nó maisiúcháin is mó ná 600mm ar airde a thógáil.
- Plaiceanna breise a shuíomh tráth a dtógála nó ar dháta níos déanaí gan cead ó Airíoch na Reilige.

3.6 Bainfidh nó ceartóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe gan fógra, aon nithe a sháraíonn an Cód Cleachtais seo agus gnóthófar costais ó úinéir na huaighe.

3.7 Ní mór d'úinéirí na huaighe na huaigheanna a choimeád i riocht néata agus slachtmhar. Má tá spásanna uaighe rófhásta, má dhéantar faillí iontu agus mura ndéantar cothabháil orthu i riocht réasúnta, nó má mheasann an Chomhairle go bhfuil siad gránna nó ina gcúis le núis do Rannóg na Reilige nó do láithreacha uaighe in aice láimhe, gearrfaidh foireann na Comhairle siar nó cothabhálfaidh siad na láithreacha uaighe de réir mar is rogha leo agus cuirfear costais ghaolmhara ar aghaidh chuig úinéir na huaighe.

3.8 Ba chóir d'úinéirí uaigheanna soiléiriú a lorg ó Roinn Comhshaoil

Chomhairle Cathrach na Gaillimhe environment@galwaycity.ie sula ndéanfaidh siad aon oibreacha nach bhfuil siad cinnte fúthu.

4. LIMISTÉIR SHÍOTHAIL

4.1 Tá láithreacha uaighe síothail ar leith i Reiligí Rathúin agus an Bhóthair Mhóir suite de réir na léarscáile marcáilte. Féach aguisín 5 le haghaidh léarscáil mharcáilte a léiríonn na limistéir seo.

4.2 Tá na láithreacha síothail sonraithe go léir lonnaithe i limistéir faiche agus dá bhrí sin beidh rialacha maidir le limistéir faiche i bhfeidhm. (Féach Cuid 5 "Limistéir Faiche" thíos).

4.3 Cuirtear clocha cinn ar fáil agus cuirtear san áireamh iad i bpraghas ceannaigh na sainláithreacha síothail beaga (Féach aguisín 2). Tá na clocha cinn seo mór go leor chun freastal ar inscríbhinn sonraí do bheirt nó b'fhéidir triúr ball teaghlaigh nach maireann.

4.4 Maidir leis na sainláithreacha síothail níos mó i Rathún (féach an léarscáil ag aguisín 5), ceadaítear clocha cinn a chur in airde ar an bhíoma coincréite a sholáthraítear. Tá srian ar mhéid agus ar airde na cloiche cinn de réir an cheada leaca uaighe/cloiche cinn (Aguisín 4). Ní cheadaítear fóirchlocha ar na láithreacha uaighe faiche. Má chuirtear fóirchlocha ar an Reilig Faiche bainfear iad agus gearrfar táille ar an gconraitheoir leachta as iad a bhaint.

4.5 Ní chuirfear aon earraí de chineál ar bith ar limistéar féaraigh na spásanna uaighe síothail (os comhair na cloiche cinn) mar go bhfuil sé le coinneáil mar limistéar faiche. (Féach Cuid 5 "Limistéir Faiche" thíos).

4.6 Féadfar bláthanna úra agus bláthfhleasca úra a chur ar an uaigh ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí tar éis dháta an adhlactha. Tar éis na tréimhse seo, ba cheart d'úinéirí an spáis uaighe bláthanna nó bláthfhleasca den sórt sin a bhaint nó bainfidh a n-ionadaithe nó foireann na reilige earraí. Ba chóir earraí a bhaintear a thaisceadh sna boscaí bruscair agus sna boscaí dramhaíola glasa atá ar fáil nó a chur ar an gcloch chinn nó ar an limistéar bhíoma coincréite ag ceann na huaighe.

4.7 Déanfaidh an Chomhairle limistéar féir na láithreacha síothail a shíolrú agus a chothabháil i bhféar gan aon chostas breise ar úinéir na huaighe. Ní chuirfidh aon duine seachas an tAiríoch nó foireann na Reilige isteach ar limistéar féir na n-uaigheanna sin ná ní athróidh siad é.

5. LIMISTÉIR FAICHE

5.1 Féach aguisín 5 le haghaidh léarscáil mharcáilte de Chuid Y & Z den Reilig Faiche i Rathún. Níl aon Reilig Faiche i mBóthar Mór.

5.2 Ceadaítear clocha cinn a chur in airde ar an bhíoma coincréite a chuirtear ar fáil. Tá méid agus airde srianta de réir Chuid 6 thíos. Ní cheadaítear fóirchlocha ar na láithreacha uaighe faiche. Má chuirtear fóirchlocha ar an Reilig Faiche bainfear iad agus gearrfar táille ar an gconraitheoir leachta as iad a bhaint.

5.3 Seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach d'earraí nach gceadaítear iad a chur ar limistéar faoi fhéar na spásanna uaighe:

- fóirchlocha,
- clocha glúine,
- maisiúcháin,
- fleascanna,
- plandaí faoi bhláth, toir, plandaí pota
- bréagáin, geansaithe, balúin
- vásaí gloine, plaisteacha nó ceirmeacha,
- coirt, móta nó ábhair chloiche mhaisiúla,
- slabhra plaisteach nó cruach.

5.4 Féadfar bláthanna úra agus bláthfhleasca úra a chur ar an uaigh ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí tar éis dháta an adhlactha. Tar éis na tréimhse seo, ba cheart d'úinéirí an spáis uaighe bláthanna nó bláthfhleasca den sórt sin a bhaint nó bainfidh a n-ionadaithe nó foireann na reilige earraí. Ba chóir earraí a bhaintear a thaisceadh sna boscaí bruscair agus sna boscaí dramhaíola glasa atá ar fáil nó a chur ar an gcloch chinn nó ar an limistéar bhíoma coincréite ag ceann na huaighe.

5.5 Déanfaidh an Chomhairle spásanna uaighe sa Limistéar Faiche a shíolrú agus a chothabháil i bhféar gan aon chostas breise ar úinéir na huaighe. Ní chuirfidh aon duine seachas an tAiríoch nó foireann na Reilige isteach ar limistéar féir na n-uaigheanna sin ná ní athróidh siad é.

6. LEACHTANNA / LEACA CUIMHNEACHÁIN

6.1 Ceadófar 28 lá ar a laghad tar éis adhlactha sula dtosófar ar obair shéadchomhartha de chineál ar bith, lena n-áirítear bunsraith, fóirchloch, cloch chinn nó aon déantán cuimhneacháin a shuiteáil.

6.2 Ní mór d'aon chonraitheoir leachta ar mian leis/léi oibriú laistigh de Reiligí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe cead a fháil roimh ré ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Ní mór iarratas a dhéanamh chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag environment@galwaycity.ie ina bhfuil an fhaisnéis go léir atá liostaithe in Aguisín 3. Beidh conraitheoirí nó dealbhóirí leachta nach gcloíonn le beartais agus nósanna imeachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi dhliteanas as costas oibreacha deisiúcháin, agus ní eiseofar ceadanna breise dóibh le haghaidh tionscadal amach anseo ag aon Reilig de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

6.3 Cuirfidh conraitheoirí/dealbhóirí leachta Airíoch na Reilige ar an eolas seacht lá ar a laghad sula mbeidh sé ar intinn acu oibreacha a dhéanamh ar shuiteáil údaraithe in aon cheann de Reiligí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Ní cheadófar aon obair bhunsraithe nó leachta de chineál ar bith in éagmais "Cead Bunsraithe/Leachta" údaraithe (Aguisín 4). Ní cheadóidh Airíoch na Reilige, i gcás ar bith, oibreacha bunsraithe nó leachta a dhéanamh mura mbeidh Cead bunsraithe/leachta sínithe oifigiúil curtha i láthair dó agus glactha leis mar bhailí.

6.4 Ní bheidh cloch chinn níos airde ná 1.3 méadar os cionn leibhéal na talún ar spás uaigh singil agus ní bheidh sí níos airde ná 1.40 méadar os cionn leibhéal na talún ar spás uaigh dúbailte. Coinneofar gach cloch chinn ar aon dul le clocha cinn tadhlacha agus tabharfar siad aghaidh sa treo a chuirfidh Airíoch na Reilige in iúl. Ní chuirfear gach marcóir cloiche cinn nó uaighe in airde ach amháin ar na bunsraitheanna bíoma coincréite arna soláthar.

6.5 Ba chóir don chonraitheoir/dealbhóir leachta a chinntiú go bhfuil uimhir na láithreach uaighe snoite orthu sula gcuirtear in airde iad.

6.6 Is féidir uasmhéid de 25mm coincréite a chur thar aon uaigh ach ní mór é a scaradh nó a ghearradh le sábh lena chinntiú go mbeidh sé scartha ó na fóirchlocha agus ón mbonn fóirchloiche lena chinntiú go mbeidh sé éasca a bhaint amach anseo le haghaidh adhlacthaí breise.

6.7 **Ní mór** do gach cloch uaighe agus plionta cloiche uaighe agus seastán a bheith oiriúnach laistigh de lorg an bhíoma cloiche cinn coincréite arna soláthar (Gan níos leithne ná 350mm nó thart ar 14 orlach). Tá sé seo fíor

go háirithe i gcás aon láthair uaighe faiche. Níor cheart go rachadh comhdhéanamh na cloiche uaighe níos faide ná an bíoma coincréite mar go gcuirfidh sé sin bac ar chumas fhoireann na reilige an limistéar féir a chothabháil go néata.

6.8 Ní bheidh an Chomhairle freagrach as inscríbhinn, bunsraith, cloch chinn, fóirchloch, tuama nó déantán cuimhneacháin eile d'aon chineál ar bith a choimeád, i ndeisriocht nó i riocht cuí. **Ní ghlacfaidh an Chomhairle freagracht as aon tionóiscí ar chlocha cinn nó ar chuimhneacháin etc., a tharlaíonn de bharr tríú páirtithe, nó de dheasca stoirme, gaoithe, tintrí, turnaimh nó cúise eile**.

6.9 Beidh úinéir na maoine freagrach as tuama, uaigh, cloch chinn nó leacht a chothabháil. Ceanglófar ar úinéir uaigh traidisiúnta an uaigh a chothabháil ar bhealach néata slachtmhar. Ní cheadófar toir ná plandaí a bheith ag gobadh amach lasmuigh de theorainn spáis uaighe. Féadfaidh an Chomhairle fásra rófhásta a strimeáil, a spraeáil, agus / nó a bhaint as uaigh a ndearnadh faillí uirthi dá rogha féin agus cuirfear na costais ghaolmhara ar aghaidh chuig úinéir na huaighe.

6.10 Má theastaíonn trealamh speisialta chun leac nó doras tuama a athoscailt nó a bhaint, nó earraí cuimhneacháin luachmhara i bhfoirm dealbha beaga cloiche, leabhair nó réada chun críche adhlactha, ansin beidh ar chonraitheoir speisialaithe é seo a dhéanamh agus é a eagrú ag teaghlach an té atá básaithe. Tá sé seo ar mhaithe le Sláinte & Sábháilteacht d'fhoireann na Reilige.

6.11 Ní cheadaítear ithir nó cloch a charnadh os cionn airde na fóirchloiche máguaird in aon uaigh. Coinneofar an reilig faiche ar leibhéal áirithe ionas gur féidir le foireann talún na Comhairle Cathrach í a ghearradh.

6.12 Sa chás go bhfaigheann foireann na Comhairle go bhfuil láithreacha adhlactha ina gcontúirt don phobal trí chlocha cinn nó fóirchlocha briste nó uaigheanna tite, tá sé de cheart ag an gComhairle an láthair a dhéanamh sábháilte agus slán, ar mhaithe le Sláinte agus Sábháilteacht. Tá sé de cheart ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon chostais a bhaineann le slánú a fháil ar ais ó úinéir na huaighe.

6.13 Ní ghlacfaidh an Chomhairle freagracht as botúin san fhaisnéis a thugann foireann na Comhairle de mheon macánta maidir le suíomhanna uaighe etc. Cé go ndéanfar gach iarracht faisnéis cheart a thabhairt, beidh sé de fhreagracht ar úinéir na huaighe taifid chearta a choinneáil ar úinéireacht agus suíomh na huaighe.

Aguisín 1

LÉIRIÚ TÉARMAÍ

- Ar fud an Chóid Chleachtais seo, beidh na bríonna seo a leanas le húsáid na dtéarmaí seo a leanas:
- Ciallaíonn “an Chomhairle” Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- ciallaíonn “Airíoch na Reilige” an t-oifigeach a cheaptar chun Reiligí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhainistiú ó lá go lá;
- ciallaíonn “reilig” aon reilig nó áit adhlactha atá faoi rialú nó ar úinéireacht ag an gComhairle.
- ciallaíonn “uaigh” áit adhlactha a dhéantar sa talamh trí thochailt gan aon bhalla inmheánach, obair bhríce ná obair chloiche ná aon líneáil shaorga eile.
- Ciallaíonn “láthair uaighe” limistéar reilige arb é atá ann spás uaighe singil, dhá spás nó níos mó, ar a dtugtar ar shlí eile láthair uaighe shingil, dhúbailte nó aon mhéid eile.
- Ciallaíonn “Láthair Uaighe Faiche” láthair uaighe nach féidir ach ceann na huaighe agus an t-achar a chuirtear ar fáil a úsáid chun cloch uaighe cuimhneacháin a chur agus/nó bláthanna a chur.
- ciallaíonn “Reilig Faiche” reilig nó cuid de reilig nach gceadófar inti, seachas clocha cinn, fóirchlocha nó ítimí eile den sórt sin, a shuíomh agus ina ndéanfar gach cuid den reilig arb é atá inti láithreacha faiche a chothabháil mar limistéir faoi fhéar.
- Folaíonn “corp” corp aon duine, leanbh marbh-bheirthe, taisí daonna créamtha nó orgáin. Taisí daonna agus sin amháin.
- folaíonn “adhlacadh” aon duine nó taisí créamtha daonna a adhlacadh i spás uaighe nó a chur i dtuama nó i seomra adhlactha agus forléireofar “adhlacadh” dá réir sin.
- Ciallaíonn “bíoma” Bíoma Cloiche Cinn i gcás ina bhfuil sé curtha ar fáil cheana féin sa reilig chun cinn uaigheanna a líniú.
- Ciallaíonn “Láthair Uaighe Traidisiúnta” láthair uaighe a gceadaítear fóirchloch a bheith timpeall ar a imlíne agus cloch chinn. Is é úinéir na huaighe atá freagrach as láithreacha den sórt sin a chothabháil.

Aguisín 2

TÁILLÍ AGUS MUIRIR NA REILIGE

Ceannach Uaighe:

Gnáthuaigh Shingil	**€780**
Sainuaigh Shíothail	**€980 (Cloch chinn agus céad oscailt san áireamh)**

Oscailt agus Dúnadh Uaigh:

Gnáthuaigh (cónra, cisteog)	**€492**
Gnáth-tháille oscailte uaigh linbh nó gnáth-tháille oscailte uaigh síothail.	**€204**
Táillí oscailte Sainuaigheanna Síothail ina dhiaidh sin.	**€150**

Muirir ar cheadanna leaca uaighe/cloiche cinn:

An Reilig Nua, An Bóthar Mór:

Limistéir:	**Sraitheanna:**	**Táillí:**	
		Singil	**Dúbailte**
Gach Limistéar		**€60**	**€60**

Reilig Rathúin (Chnocán Iósaif):

Limistéir:	**Sraitheanna:**	**Táillí:**	
		Singil	**Dúbailte**
Gach limistéar ach amháin mar atá liostaithe thíos		**€60**	**€60**
P, Q, R	**8 - 12**	**€ 144**	**€ 252**
Teorainn an Oirthir	**4 (uaigheanna 1 – 11)**	**€ 144**	**€ 252**
Limistéar L	**4 (uaigheanna 1 - 8)**	**€ 144**	**€ 252**
Limistéir W	**Gach uaigh**	**€ 144**	**€ 252**
Limistéar X	**Sraitheanna 1 - 6**	**€60.00**	**€60.00**
Limistéár X	**Sraith 7 ar aghaidh**	**€144.00**	**€252.00**
Limistéar Y & Z (Reilig Faiche)	**Gach uaigh**	**€ 144**	

Aguisin 3

Foirmeacha Conraitheoirí Leachta.

Chun **CLÁRÚ** mar dhealbhóir leachta chun oibreacha a dhéanamh i Reiligí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, teastaíonn an méid seo a leanas:

A. **Sínithe** agus suas chun dáta, Ráiteas Sábháilteachta na Cuideachta

B. Measúnú Riosca **Sainiúil don Láithreán** agus Ráiteas Modha maidir leis na hoibreacha go léir (cloch chinn a chur in airde, athchóiriú, greanroiseadh & inscríbhinní breise srl.) **a bhaineann go sonrach le Reilig Rathúin a chur in airde.**

C. Ráiteas Modha Measúnaithe Riosca **atá Sainiúil don Láithreán** maidir leis na hoibreacha go léir (cloch chinn a chur in airde, athchóiriú, greanroiseadh & inscríbhinní breise srl.) **a bhaineann go sonrach le Reilig an Bhóthair Mhóir.**

D. Measúnú Riosca **Sainiúil don Láithreán** agus Ráiteas Modha maidir leis na hoibreacha go léir (cloch chinn a chur in airde, athchóiriú, greanroiseadh & inscríbhinní breise srl.) **a bhaineann go sonrach le Reilig Faiche Rathúin.**

E. Teastais Pas Sábháilte agus Láimhseála Sábháilte do gach dealbhóir leachta agus conraitheoir/ball foirne. Ní mór do gach ball foirne de chuid na Cuideachta Dealbhóra Leachta clár pas sábháilte FÁS agus Cúrsa Láimhseála Láimhe a bheith críochnaithe acu. Féadfar deimhniú pas sábháilte bailí a iarraidh ar an láithreán ag am ar bith.

F. Deimhniú ar shonraí árachais dliteanais.

NÍ MÓR na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna sonraí árachais dliteanais:

- Teideal an Árachaí
- Ainm an árachóra chreidiúnaigh
- Uimhir Pholasaí
- Tréimhse Árachais
- Tuairisc ghnó (i.e., Tógálaí na leachtanna/gclocha cinn)
- Teorainneacha Slánaíochta nach féidir a bheith níos ísle ná €13,000,000 maidir le Dliteanas Fostóra agus €6,500,000 maidir le Dliteanas Poiblí & Táirgí
- Sonraí faoi aon bharántaí & coinníollacha fasach atá sa pholasaí árachais.
- Ní mór **slánaíocht shonrach do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe** a thabhairt ar aird ar na doiciméid freisin.

NÓTA: Má tá saoir chloiche ag obair thar ceann/nó ar fochonradh ag Adhlacóir NÓ ag dealbhóir leachta eile agus má tá an tAdhlacóir nó an dealbhóir leachta sin (mar phríomhchonraitheoir) sásta freagracht a ghlacadh as a ghníomhaire, ansin teastaíonn doiciméadú ina leagtar amach an méid thuas ón bpríomhchonraitheoir.

Aguisín 4

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

REILIGÍ NA CATHRACH

Stampa Oifigiúil

IARRATAS AR CHEAD CHUN LEAC AGUS FÓIRCHLOCH A THÓGÁIL

AINM AN TÉ A BHÁSAIGH: _____ DÁTA ADHLACTHA: _____

REILIG: _____

LIMISTÉAR: _____ SRAITH: _____ UIMHIR NA hUAIGHE: _____

TUAIRISC AR LEAC AGUS AR FHORCHLOCH ATÁ BEARTAITHE:

_____

_____

UASAIRDE NA LEICE *LENA nÁIRÍTEAR PLIONTA* _____ (Tá srian ar airde sa dá Reilig.
Uasmhéid Airde 1.3m do láthair uaighe shingil agus 1.4m do láthair uaighe dhúbailte.

LÁNTOISÍ: _____

CAITHFIDH COINCRÉIT MHAITH A BHEITH FAOIN LEAC & FAOIN bhFÓIRCHLOCH AGUS AR A LAGHAD 2 BHARRA 12mm CHUN AN BHUNSRAITH A THREISIÚ.

Maisiú na hUaighe: Déan cur síos, más ann: _____
_____

Caithfidh gach maisiú a bheith in ann seasamh as féin (i.e. gan a bheith greamaithe le coincréit, bolta ná aon ní eile leis an uaigh, fóirchloch ná leis an leac). Tógfar aon mhaisiú a bheas greamaithe nó aon mhaisiú nár ceadaíodh.

Is ar an iarratasóir atá an dualgas maidir le dearadh, struchtúr, láidreacht agus sábháilteacht aon mhaisiúcháin. Ní fhéadfaidh maisiú ar bith a bheith níos airde ná 600mm (2 throigh).
Suiteáil bunsraithe: Caithfidh Conraitheoirí Leachta a mbunsraith a shuiteáil sa chaoi is go mbeidh sé ag teacht leis an mbunsraith cholbha atá suiteáilte ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe (caithfidh bun bunsraithe an Chonraitheora teacht le barr na bunsraithe colbha atá ann faoi láthair).
Caithfidh an conraitheoir leachta treoracha Airíoch na Reilige a leanúint nuair atáthar ag suiteáil na bunsraithe.

Ní mór gach Leac agus Leac Uaighe a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag Airíoch na Reilige ag an Reilig roimh a shuiteáil. Ní cheadaítear aon leac a chur in airde gan iad a scrúdú. Ní bheidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as aon mhíchaoithiúlacht ná as aon chostas a gearradh mar gheall nár cloíodh leis an treoir seo.

Tabhair ar aird gurb é/í an t-iarratasóir an dealbhóir nó conraitheoir atá i mbun na hoibre don chliant. Níl cead ag an gcliant ná ag aon fhochonraitheoir ná ag aon duine fostaithe ag an dealbhóir an obair a dhéanamh.

Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil an t-iarratasóir freagrach as an obair ar fad (i.e. caighdeán agus sábháilteacht na tógála) fiú más ar fhochonradh a dhéantar an obair nó ag duine fostaithe ag an iarratasóir.

Caithfidh an choincréit agus aon smionagar eile a bheith glanta ón gcosán agus ón mbóthar sa reilig agus taobh amuigh de.

AINM AN IARRATASÓRA: _____

SEOLADH: _____

_____

Má bhíonn aon chuid den cheadúnas nach gcomhlíontar caithfear é sin a cheartú sula gceadófar aon iarratas eile

Deimhním leis seo go bhfuil an t-eolas thuas cruinn agus tuigim coinníollacha an cheadúnais agus aontaím cloí leo.

SÍNIÚ AN IARRATASÓRA: _____

DÁTA AN IARRATAIS: _____

DON OIFIG AMHÁIN

CEADAITHE AG: _____ DÁTA: _____

CEAD EISITHE AG: _____DÁTA: _____

TARRAING LÉARÁID SA BHOSCA DEN LEAC ATÁ BEARTAITHE (agus ní ar bhileog eile)

Aguisín 5

Reilig an Bhóthair Mhóir. Limistéir Thraidisiúnta/Fóirchloiche A go L

Reilig Rathúin. Limistéir Láithreacha Uaighe Thraidisiúnta/Fóirchloiche A go S (Níl aon Limistéar I, T, U nó V i Reilig Rathúin)



Reilig Rathúin. Limistéir Láithreacha Uaighe Thraidisiúnta/Fóirchloiche W & X.

Reilig Rathúin Limistéar Faiche & Síothail Y & Z.



Reilig Rathúin Limistéar Faiche & Síothail Y & Z.



Reilig an Bhóthair Mhóir Limistéar Síothail.